Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Ráiteas Straitéise 2022 - 2024



Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8

☎ +353 1 858 8500
+353 1 642 7406
www.dppireland.ie

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2022

# Clár Ábhair

Réamhrá ..... 5

1 Maidir le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ..... 6

2 Ár gcuid Oibre i gComhthéacs: Athrú, Dúshlán agus Deis ..... 7

3 Ár Misean agus ár gCroíluachanna ..... 8

4 Ár Spriocanna Straitéiseacha 2022-2024 ..... 9

5 Ár nDualgas Earnála Poiblí ..... 18

6 Forfheidhmiú agus Athbhreithniú ..... 18

AGUISÍN 1: Ár Struchtúr Eagraíochta (Meitheamh 2022) ..... 19

AGUISÍN 2: Próiseas Ionchúisimh Choiriúla in Éirinn ..... 20



*“Seirbhís ionchúisimh chothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar ar son mhuintir uile na hÉireann”*

# Réamhrá

Tá an-áthas orm Ráiteas Straitéise m'Oifige a chur i láthair do na trí bliana amach romhainn, an chéad bhliain againn ó thosaigh mé ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i mí na Samhna 2021. Níl aon amhras ach go dtagann an Straitéis seo ag am dúshlánach nuair a tháinig fás gan fasach ar na héilimh ar sheirbhís ionchúisimh na hÉireann, ag eascairt den chuid is mó as méadú ar chomhaid cháis agus as na riaráistí de bharr paindéim Covid -19. Is am deise é freisin, áfach, agus leagtar amach sa Straitéis seo ár n-uaillmhian tógáil ar na bunchlocha láidre atá ag seirbhís ionchúisimh na hÉireann cheana féin. Déanfaimid é seo trí bhealaí nua agus níos fearr oibre a fhorbairt, agus trí rannchuidiú le torthaí feabhsaithe ar fud an chórais dlí choiriúil.

Cuireadh bonn eolais faoin Straitéis agus múnlaíodh í trí phróiseas rannpháirtíochta leis an bhfoireann agus le réimse páirtithe leasmhara, agus cuireann sí creat soiléir comhroinnte ar fáil a leagann amach na ceithre sprioc ardleibhéil atá againn do na trí bliana amach romhainn agus conas a bhainfear amach iad. Tá sé seo bunaithe ar fhís de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bheith i gceannas ar sheirbhís ionchúisimh iontaofa agus neamhspleách do mhuintir uile na hÉireann.

Tá córas ionchúisimh atá ag feidhmiú bunúsach do riail an dlí i ndaonlathas ar bith. Baineann fíor–dhaoine le gach cás a chuirtear faoi bhráid ár nOifige – íospartaigh, daoine atá faoi amhras, finnéithe - agus d'fhéadfaí iarmhairtí athraitheacha saoil a bheith ag ár gcinntí dóibh siúd atá i gceist. Tá feasacht an-láidir ag foireann m'Oifige ar an bhfreagracht a thugann sé seo, agus ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go gcomhlíonfaimid ár bhfeidhmeanna go neamhspleách agus de réir na gcaighdeán is airde is féidir. Dá bhrí sin, tá tábhacht ag baint leis an straitéis ar an méid a dhéanaimid agus ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre. Treoróidh ár gcomhluachanna ár gcuid oibre agus tacóidh siad le seachadadh ár gcuspóirí straitéiseacha agus ár dtosaíochtaí sna blianta amach romhainn.

Is é an dúshlán atá romhainn anois ná ár ngealltanais a iompú ina ngníomhaíochtaí agus torthaí inláimhsithe. Coinneoimid súil ar an dul chun cinn atá déanta againn trínár bpróiseas pleanála gnó bliantúil agus déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le seachadadh i rith shaolré na Straitéise seo. Beidh plean le haghaidh infheistíocht shuntasach sa tseirbhís ionchúisimh - lena n-áirítear inár gcumas digiteach agus TFC, chomh maith le hinfheistíocht inár ndaoine - ríthábhachtach chun cuid de na gníomhartha sa Straitéis seo a sheachadadh.


Le linn tréimhse na Straitéise, oibreoimid go dlúth lenár bhfoireann agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara chun ár dtosaíochtaí a athbhreithniú agus a bheachtú de réir mar is gá chun freastal ar riachtanais an domhain atá ag athrú go tapa timpeall orainn. Mar gheall ar ár n-eispéiris le blianta beaga anuas - agus na ceachtanna luachmhara atá foghlamtha againn uathu - tá muinín agam as ár gcumas agus as ár lúfaireacht freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus gan choinne.



**Catherine Pierse**
**Director of Public Prosecutions**

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann m'Oifige, le haturnaetha stáit, le habhcóidí agus le gach duine a chuidigh le forbairt na Straitéise seo. Tá an t-ádh ar sheirbhís ionchúisimh na hÉireann go bhfuil daoine ag obair laistigh di a bhfuil tiomantas láidir acu do na caighdeáin seirbhíse is airde a chinntiú, chomh maith le huaillmhian eolas a thabhairt d'fheabhsuithe ar fud an chórais dlí choiriúil agus cur leo.

Táim ag tnúth le bheith ag obair lenár bhfoireann agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun ár n-aidhm a bhaint amach maidir le seirbhís ionchúisimh chothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar do mhuintir na hÉireann go léir.



*Catherine Pierse*
*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*

# 1 Maidir le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Cad a dhéanaimid

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DDP) dlí faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Tá an Stiúrthóir, Catherine Pierse, neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Is iad seo na dualgais atá ar an Stiúrthóir:

- an dlí coiriúil a fhorfheidhmiú sna cúirteanna ar son mhuintir na hÉireann;
- ionchúisimh phoiblí a threorú agus a mhaoirsiú ar díotáil sna cúirteanna;
- treoir agus comhairle ghinearálta a thabhairt don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre; *agus*
- treoir shonrach a thabhairt don Gharda Síochána i gcásanna ina n-iarrtar í.

Is ón nGarda Síochána a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna a ndéileálann an Oifig leo. Déanann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialaithe roinnt cásanna a tharchur chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

## Struchtúr na hOifige

Tá 230 ball foirne ag Oifig an Stiúrthóra (amhail Meitheamh 2022) - 60% tacaíocht dhlíthiúil agus 40% tacaíocht chorparáideach /riaracháin - ag obair i gceithre rannán den Oifig:

1. **An Rannán Stiúrtha** – scrúdaíonn sé comhaid imscrúdaithe choiriúil agus cinneann sé, bunaithe ar fhianaise, cibé acu ionchúiseamh a thionscnamh nó gan ionchúiseamh a thionscnamh, nó cibé acu ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a thosaigh an Garda Síochána a choinneáil.
2. **Roinn na nAturnaetha** – ullmhaíonn agus seolann sí cásanna thar ceann an Stiúrthóra i ngach cúirt a shuíonn i mBaile Átha Cliath lena n-áirítear: Cúirteanna Coiriúla Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath; an Phríomh-Chúirt Choiriúil agus na Cúirteanna Coiriúla Speisialta; an Chúirt Achomhairc; an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach.
3. **An Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh** – cuimsíonn sé an tAonad Idirchaidrimh Íospartach a chinntíonn go gcomhlíonann an Oifig a hoibleagáidí maidir le tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh coireachta; an tAonad Idirnáisiúnta a phléann le réimsí comhoibrithe idirnáisiúnta, lena n - áirítear eiseachadadh, Barántais Ghabhála Eorpacha agus iarratais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach; agus an tAonad Beartais agus Taighde Ionchúisimh a dhéanann taighde dlí, a thacaíonn le forbairt beartais dlí, a bhíonn i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha maidir le cúrsaí beartais, agus a chomhordaíonn bainistíocht eolais dár bhfoireann.
4. **An Rannán Seirbhísí Corparáideacha** – cuireann sé le straitéis fhoriomlán na hOifige trí raon feidhmeanna gnó lena, n-áirítear acmhainní daonna agus forbairt eagrúcháin, airgeadas, TFC, bainistíocht saoráidí, soláthar, cumarsáid, rialachas agus seirbhísí tacaíochta eile do na trí rannán dlí.

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a léamh ar obair na gceithre rannán sa rannán 'Ár nEagraíocht' ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie. Is féidir teacht ar struchtúr ár n - eagraíochta ag Aguisín 1.

## Cé Leis a n-Oibrímid

Oibríonn Oifig an DPP as láimh a chéile le gairmithe eile dlí.

**Seirbhís na nAturnaetha Stáit** - rinne 32 aturnae i gcleachtadh príobháideach conradh chun gníomhú thar ceann an Stiúrthóra os comhair na gCúirteanna Cuarda agus anois is arís sna Cúirteanna Dúiche lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Go ginearálta, bíonn aon Aturnae Stáit amháin ann in aghaidh an chontae ach i gcontaetha áirithe, roinneadh limistéir Aturnae Stáit chun tosca ar nós daonra a chur san áireamh. Mar shampla, tá Contae Chorcaí roinnte ina cheithre limistéar: Cathair Chorcaí, Corcaigh Thoir Thuaidh, Corcaigh Thoir Theas agus Corcaigh Thiar.

**Painéal na nAbhcóidí Ionchúisimh** - déantar tuairim is 170 abhcóideneamhspleách atá ag cleachtadh ag an mBarra a fhostú chun ionadaíocht a dhéanamh don DPP ar bhonn cás ar chás. Déanann abhcóidí ionchúiseamh de réir threoracha an Stiúrthóra agus de réir na dTreoirlínte d'Ionchúisitheoirí. Déanann siad ionadaíocht don Stiúrthóir i roinnt réimsí dlí, lena n-áirítear: ionchúisimh ar díotáil i mBaile Átha Cliath agus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath (an Chúirt Chuarda); athbhreithniú breithiúnach; habeas corpus; bannaí Ard - Chúirte; agus coigistiú sócmhainní.

Is féidir leat cur síos níos mionsonraithe ar an gCóras Ionchúisimh in Éirinn a léamh i bhfoilseachán faoin ainm céanna ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie. Tá cur síos grafach ar an bpróiseas ionchúisimh choiriúil in Éirinn le fáil in Aguisín 2.

# 2 Ár gcuid Oibre i gComhthéacs: Athrú, Dúshlán agus Deis

Tá an domhan ag athrú timpeall orainn i gcónaí, go háirithe le cúpla bliain anuas nuair a chothaigh imeachtaí seachtracha ar nós Brexit agus paindéim Covid-19 dúshláin don bhealach a n-oibrímid. Go hinmheánach, chonaiceamar méadú suntasach ar líon na gcomhad a cuireadh faoi bhráid na hOifige - méadú 40% ó 2017 - chomh maith le méadú ar chastacht na gcásanna sin. I dtimpeallacht oibriúcháin dhinimiciúil den sórt sin, ní féidir le haon eagraíocht fanacht socair agus ní haon eisceacht í Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Táimid ag súil go mbeidh tionchar ag athruithe leanúnacha agus dúshláin leanúnacha ar an méid a dhéanaimid, agus ar an gcaoi a n-oibrímid le chéile agus le daoine eile chun seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar. Sna blianta beaga amach romhainn, beidh fócas leanúnach againn ar an gcomhthéacs agus ar an timpeallacht oibriúcháin seo atá ag athrú a bhainistiú, go háirithe sna ceithre phríomhréimse seo a leanas.

1. Méadú ar líon na n-imscrúduithe coiriúla agus castacht na gcásanna
2. Méadú ar an teicneolaíocht agus digitiú
3. Forbairtí seachtracha agus ceartas coiriúil
4. Córas dlí choiriúil atá ag éirí níos idirnasctha

Léirítear ár n-anailís chomhthéacsúil sna spriocanna straitéiseacha ardleibhéil agus sna tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíochta a shonraítear níos déanaí sa Ráiteas Straitéise seo. Forbraíodh na spriocanna seo chun dul i ngleic lenár ndúshláin leanúnacha. Cuirfidh siad ar ár gcumas athrú a chur in oiriúint agus freagairt dó go réamhghníomhach, agus leas a bhaint as deiseanna chun seirbhís an ionchúisimh a fheabhsú.

Beidh an Straitéis seo mar bhonn agus taca le próiseas pleanála gnó bliantúil na hOifige agus le príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt, chomh maith le hobair leanúnach, tionscadail agus tionscnaimh. Déanfaidh ár mBord Bainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn maidir le gach ceann dár gcuspóirí straitéiseacha a chur i bhfeidhm, lena chinntiú go ndéanaimid ár mbearta feidhmíochta a athnuachan de réir cúinsí atá ag athrú, agus go leanaimid orainn ag forbairt seirbhís ionchúisimh neamhspleách, cothrom agus éifeachtach.

## 1 Imscrúduithe Coiriúla agus Coimpléascacht

Is dúshlán i gcónaí é an borradh suntasach atá tagtha ar líon na gcomhad a cuireadh faoi bhráid na hOifige le blianta beaga anuas (méadú 40% ó 2017) - agus castacht na gcásanna sin atá ag dul i méid. Beidh bainistiú an riaráiste cásanna mar thoradh ar an bpaindéim fós ina dhúshlán i rith théarma na straitéise seo.

## 2 Méadú ar an Teicneolaíocht agus Digitiú

Tá ról na meán sóisialta agus fás easpónantúil na sonraí digiteacha a bhaineann le himscrúduithe coiriúla tar éis dul i bhfeidhm go mór ar an obair a dhéanaimid agus ar an gcaoi a ndéanaimid é, agus beidh tionchar aige ar fad. Sa réimse seo, tá gá le córais láidre TFC agus rialachais chun cabhrú le hanailís agus bainistiú sonraí a bhaineann le cásanna.

## 3 Forbairtí Seachtracha agus Ceartas Coiriúils

Leanaimid orainn ag freagairt do phaindéim Covid-19, agus ag forbairt cleachtais oibre nua a tháinig chun cinn i rith na géarchéime. Mar an gcéanna, leanann na dúshláin a bhaineann leis an mBreatimeacht ar aghaidh agus oibríonn an Oifig anois laistigh den Chomhaontú Trádála agus Comhair nua leis an Ríocht Aontaithe. Tá ról dlí an AE atá ag dul i méid in ionchúisimh choiriúla intíre agus ról feabhsaithe do Eurojust ábhartha freisin. Beidh tionchar féideartha ar ár gcuid oibre ag eascairt as moltaí an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn agus as tuarascálacha eile i rith théarma na Straitéise seo.

## 4 Córas Dlí Choiriúil atá ag Éirí Níos Idirnasctha

Cé go bhfuil sí neamhspleách, aithníonn Oifig an DPP ár n-idirnascthacht le daoine eile in earnáil an cheartais choiriúil. Táimid tiomanta do rannpháirtíocht i líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus i ngrúpaí oibre chun saineolas agus foghlaim a roinnt. Aithnímid freisin conas is féidir linn ár dtaithí agus ár saineolas a roinnt chun bonn eolais a chur faoi bheartas, agus leanfaimid orainn á dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin seirbhíse le chéile ar fud an chórais cheartais choiriúil níos leithne.

# 3 Ár Misean agus ár gCroíluachanna

Gníomhaíonn ár nOifig ar mhaithe le leas an phobail chun ár misean a chomhlíonadh agus tá cúig chroíluach mar threoir aici - Neamhspleáchas, Ionracas, Sármhaitheas, Meas agus Comhghleacaíocht. Leanfaidh na luachanna sin ar aghaidh ag neartú na foirne agus na heagraíochta sna blianta amach romhainn.

## ÁR MISEAN:

***Seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar ar son mhuintir uile na hÉireann***

### Ionracas

- Gníomhú go hionraic, go cothrom, go comhsheasmhach agus go hoibiachtúil, de réir an Chóid Eitice
- Cinntí córa cearta a dhéanamh bunaithe ar fhianaise
- Eolas cruinn a chur ar fáil

### Neamhspleáchas

- Neamhspleáchas Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chosaint
- Gníomhú go neamhchlaonta gan eagla, gan fhaitíos, gan chlaonadh ná dochar, de réir na dTreoirlínte d'Ionchúisitheoirí agus an Chóid Eitice
- Fanacht gan tionchar a bheith ag leasanna aonair nó rannóige nó brú ón bpobal nó ó na meáin orainn, ag féachaint do leas an phobail amháin

### Sármhaitheas

- Seirbhísí cothroma, neamhspleácha, gairmiúla a sholáthar ag na caighdeáin is airde
- Ár seirbhís a fheabhsú go leanúnach, ag freagairt go réamhghníomhach do riachtanais, dúshláin, deiseanna athraitheacha
- Tionchar a imirt agus feabhsuithe a mhúnlú sa chóras dlí choiriúil

### Urraim

- Déileáil le gach duine le cothroime, le meas agus le dínit
- Ag éisteacht le peirspictíocht na bpáirtithe leasmhara

### Comhghleacaíocht

- Meas a thabhairt ar an méid a chuireann gach duine le seachadadh na seirbhíse ionchúisimh.
- Caidrimh láidre a thógáil agus oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Ár n-eolas agus ár saineolas a roinnt le daoine eile

# 4 Ár Spriocanna Straitéiseacha 2022 - 2024

Beidh obair agus acmhainní ár nOifig dírithe ar cheithre sprioc straitéiseacha a bhaint amach; Seirbhís, Digiteach, Comhoibriú agus Daoine. Níl aon ordlathas i measc na spriocanna straitéiseacha thíos – tá gach ceann acu chomh tábhachtach céanna má táimid chun ár misean a bhaint amach chun seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar.

## SEIRBHÍS
Seirbhís ionchúisimh choiriúil iontaofa agus den scoth a sholáthar

## DIGITEACH
Infheistiú inár gcumas digiteach agus TFC chun éifeachtúlacht, nuálaíocht agus comhtháthú a chur chun cinn

## DAOINE
Infheistiú inár ndaoine agus a bheith tacú leo le bheith rathúil

## COMHOIBRIÚ
Comhar a neartú agus tionchar a imirt ar athrú chun an córas dlí choiriúil a fheabhsú

**SEIRBHÍS:** Tá soláthar seirbhíse ionchúisimh ar ardchaighdeán ag croílár an méid a dhéanaimid. Táimid ag díriú ar a chinntiú go bhfuil ár seirbhís oiriúnach chun freastal ar éilimh reatha agus éilimh sa todhchaí. Chuige sin, tá roinnt príomhréimsí forbartha seirbhíse ann, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar ár riachtanais leanúnacha maidir le hacmhainní a chur ar fáil agus aghaidh a thabhairt orthu, agus bainistíocht cáis láidir agus próisis dearbhaithe cáilíochta a chinntiú. Leanfaimid orainn ag foghlaim ó thaithí na n-úsáideoirí seirbhíse, agus a chinntiú go bhfuil na córais chuí i bhfeidhm chun freagra a thabhairt ar aiseolas, agus machnamh a dhéanamh ar cheachtanna a foghlaimíodh ó thaithí.

**DIGITEACH:** Tá gá le hinfheistíocht chun feabhas a chur ar idir-inoibritheacht ár gcóras TFC, agus chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh TFC le príomhpháirtithe leasmhara ar fud an chórais dlí choiriúil. Mar gheall ar an méid sonraí atá anois i gcomhaid imscrúdaithe choiriúil, beidh an infheistíocht seo mar phríomhchumasóir chun seirbhís ionchúisimh níos comhtháite agus níos éifeachtaí a fhorbairt a chuimsíonn 'an chéad digiteach', ag baint leasa as teicneolaíochtaí nua chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre a chuíchóiriú agus a uasmhéadú.

**COMHOIBRIÚ:** Táimid tiomanta dár gcuid eolais agus saineolais a roinnt, agus d'fhoghlaim ó dhearcadh daoine eile chun an córas dlí choiriúil a fheabhsú. Is cuid thábhachtach den rud a dhéanaimid í comhoibriú le páirtithe leasmhara, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Leanfaimid orainn ag cur le príomhthionscnaimh trasearnála, lena n-áirítear an Straitéis Earnála Ceartais Choiriúil atá dírithe ar éifeachtacht an chórais dlí choiriúil a fheabhsú agus freastal níos fearr ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara go léir. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, treiseoimid ár rannpháirtíocht lenár gcontrapháirteanna san AE agus in áiteanna eile de réir mar a aistríonn gníomhaíocht choiriúil níos mó agus níos mó ar líne agus de réir mar a éiríonn sí níos domhanda.

**DAOINE:** Leanfaimid orainn ag earcú agus ag coinneáil daoine ardchumasacha agus gairmiúla le tiomantas láidir don tseirbhís phoiblí. Tógfaimid cultúr agus timpeallacht a thacóidh lenár ndaoine a bheith ag fás agus forbairt, agus leanfaimid orainn ag mealladh na ndaoine agus na scileanna chun freastal ar riachtanais atá ag athrú. Creidimid go bhfuil timpeallacht oibre dhearfach inbhuanaithe againn, agus áiseanna atá oiriúnach don fheidhm. I bhfianaise an fhairsingithe a rinneadh le déanaí, tá ár riachtanais chóiríochta ag fás níos géire, agus beidh sí ina tosaíocht ag gníomhaíocht aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin.



## Sprioc Straitéiseach 1: SEIRBHÍS

Seirbhís ionchúisimh choiriúil iontaofa agus den scoth a sholáthar

## SEIRBHÍS

**Cuirfimid seirbhís ionchúisimh choiriúil iontaofa den scoth ar fáil, as a dtiocfaidh:**

- Acmhainní cuí chun freastal ar éilimh
- Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil cásoibre agus ionchúiseamh cásanna
- Feasacht láidir an phobail ar ár nOifig agus ar ár seirbhís
- Tuiscint mhaith ar eispéiris úsáideoirí

## Bainfimid an sprioc seo amach trí:

### Seirbhís ionchúisimh ardcháilíochta, a bhfuil na hacmhainní cuí aici, a sholáthar chun freastal ar éilimh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Na hacmhainní a theastaíonn ón Oifig a mheas agus a lorg ar bhonn leanúnach chun freagairt don timpeallacht oibriúcháin atá ag athrú
- Athbhreithniú leanúnach agus feabhas a chur ar ár mbainistíocht cásanna ó cheann go ceann, próisis ionchúisimh agus bearta dearbhaithe cáilíochta
- Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le hAturnaetha Stáit, Abhcóidí agus An Garda Síochána chun tacú le seachadadh na seirbhíse ionchúisimh, lena n-áirítear dearbhú cáilíochta agus suíomh caighdeánach

### Feasacht an phobail ar ár seirbhís a dhoimhniú, agus tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais agus ar eispéiris ár n-úsáideoirí seirbhíse

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Cuir lenár sraith d'eolas agus acmhainní atá soiléir, inrochtana d'úsáideoirí seirbhíse
- Sásraí a fhorbairt agus a fheabhsú chun feasacht an phobail a thógáil agus chun ár dtuiscint ar eispéireas úsáideoirí seirbhíse a mhéadú

### Tacú le cultúr foghlama leanúnaí, feabhsú seirbhíse agus nuálaíochta

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le hAturnaetha Stáit, Abhcóidí agus An Garda Síochána chun tacú le seachadadh córas bainistíochta oiliúna agus eolais
- Tacaíocht agus oiliúint a sholáthar do na gníomhaireachtaí imscrúdaithe a chuireann comhaid faoi bhráid Oifig an DPP lena chinntiú gur féidir le ceachtanna ar bith a fhoghlaimítear a bheith mar bhonn eolais ag cleachtais imscrúdaithe
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcreat rialachais, cuntasachta agus bainistíochta riosca ar bhonn leanúnach



## Sprioc Straitéiseach 2: DIGITEACH

Infheistiú inár gcumas digiteach agus TFC chun éifeachtúlacht, nuálaíocht agus comhtháthú a chur chun cinn

# DIGITEACH

**Infheisteoimid inár gcumas digiteach agus TFC chun éifeachtúlacht, nuálaíocht agus comhtháthú a chur chun cinn, as a dtiocfaidh:**

- Comhtháthú na gcóras agus na bpróiseas malartaithe sonraí
- Spleáchas ar pháipéar a laghdú
- Bealaí nua agus níos fearr chun obair agus cinnteoireacht ghnó a dhéanamh

## Bainfimid an sprioc seo amach trí:

### Infheistíocht a dhéanamh inár sonraí, inár dteicneolaíocht agus inár mbonneagar agus iad a bharrfheabhsú

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Cás gnó a fhorbairt agus maoiniú a fháil chun na struchtúir TFC a chur i bhfeidhm chun tacú lenár n - aistriú leanúnach chuig eagraíocht atá ina h-eagraíocht dhigiteach ar dtús
- Cumas seirbhísí tacaíochta corparáideacha TFC a fheabhsú chun inrochtaineacht a fheabhsú
- Leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus as bealaí oibre a dtacaíonn an teicneolaíocht leo
- Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil ár mbonneagar sonraí agus sonraí slán go hiomlán
- Béim níos mó a chur ar inbhuanaitheacht, réitigh dhigiteacha agus ár lorg carbóin a laghdú

### Ár scileanna anailíseacha sonraí agus bainistíochta faisnéise, cumais agus cumais a thógáil

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Straitéis agus plean TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Feabhas a chur ar TFC agus ar fheasacht, eolas agus foghlaim dhigiteach ar fud sheirbhís an ionchúisimh

### Acmhainneacht faisnéise a uasmhéadú chun tacú le riachtanais ghnó agus le cinnteoireacht

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Athbhreithniú a mhéid is atá ár gcórais bhainistíochta cásanna ag tacú lenár riachtanais seirbhíse
- Idir-inoibritheacht ár gcóras inmheánach TFC a fheabhsú
- Comhroinnt sonraí, malartú leictreonach comhad agus tionscnaimh eile sonraí agus TFC a leathnú le príomhpháirtithe leasmhara ar fud an chórais dlí choiriúil, lena n-áirítear an Garda Síochána, Aturnaetha Stáit, Abhcóidí, Cúirteanna
- Ár gcuid sonraí agus faisnéise a úsáid chun treochtaí, riachtanais agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas, agus chun torthaí a mhúnlú agus a fheabhsú ar fud an chórais dlí choiriúil



## Sprioc Straitéiseach 3: COMHOIBRIÚ

Comhar a neartú agus tionchar a imirt ar athrú chun an córas dlí choiriúil a fheabhsú

## COMHOIBRIÚ

**Neartóimid comhoibriú agus déanfaimid tionchar a imirt ar athrú chun an córas dlí choiriúil a fheabhsú, as a dtiocfaidh:**

- Rannpháirtíocht éifeachtach agus réamhghníomhach leis na páirtithe leasmhara
- Infheictheacht agus tuiscint níos fearr ar ról an ODPP
- Malartú foghlama agus faisnéise níos fearr

## Bainfimid an sprioc seo amach trí:

### Ár gcur chuige straitéiseach rannpháirtíochta agus comhoibrithe le páirtithe leasmhara a neartú

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Déanfaimid teagmháil lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus leis na príomh-rannpháirtithe eile i seachadadh na seirbhíse ionchúisimh, agus struchtúir éifeachtacha tacaíochta rannpháirtíochta a leabú ar fud na heagraíochta
- Comhaontóimid sásraí le príomhpháirtithe leasmhara chun feabhsuithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le seachadadh na seirbhíse ceartais choiriúil, lena n-áirítear nochtadh agus aghaidh a thabhairt ar an riaráiste cásanna sna cúirteanna

### Ár saineolas a roinnt chun bonn eolais a chur faoi fhorbairtí sa chóras dlí choiriúil

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Ár saineolas a chomhroinnt agus ár sonraí a úsáid chun bonn eolais a chur faoi thaighde, meastóireachtaí agus forbairt beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar cheartas coiriúil
- Glacfaimid páirt i seachadadh príomhthionscadal trasearnála, lena n-áirítear: Grúpa Forfheidhmithe O'Malley; Straitéis Earnála Ceartais Choiriúil; Grúpa Ardleibhéil ar an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn; agus Tuarascáil Hamilton ar Choireacht Eacnamaíoch agus Éilliú

### Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le príomhpháirtithe leasmhara ar fud dhlínsí an AE agus idirnáisiúnta chun riail an dlí a chur chun cinn agus chun tacú le malartú foghlama agus faisnéise

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Cinnteoimid go bhfuil struchtúir agus acmhainní leordhóthanacha i bhfeidhm chun tacú le comhar breithiúnach na hÉireann le comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta
- Tógfaimid ár dtuiscint ar fhorbairtí agus ar thionscnaimh ar leibhéal an AE agus a bheith in ann bonn eolais a chur faoi rannchuidiú na hÉireann le beartas ceartais choiriúil an AE



## Sprioc Straitéiseach 4: DAOINE

Infheistiú inár ndaoine agus a bheith tacú leo le bheith rathúil

## DAOINE

**Infheisteoimid inár ndaoine agus tacóimid leo rath a bhaint amach, as a dtiocfaidh:**

- Foireann spreagtha, luachmhar agus ghairmiúil
- Cumas ceannaireachta neartaithe ar fud na heagraíochta
- Dea-chleachtas i ndaoine agus i mbainistíocht feidhmíochta
- Eagraíocht thacúil agus choláisteach

## Bainfimid an sprioc seo amach trí:

### Infheistiú i bhforbairt agus i bhfoghlaim ár ndaoine

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Straitéis uileghabhálach um Bainistiú Acmhainní Daonna/Forbairt Eagraíochta a fhorbairt agus a sheachadadh agus Straitéis Daoine na Státseirbhíse agus Straitéis Shinsearach na Seirbhíse Poiblí 2022 -2025 mar bhonn agus mar thaca aici
- Leanfaimid ar aghaidh ag cur chun feidhme agus ag leathnú córais agus cleachtais bainistithe eolais trasrannach
- Ár gcumas gairmiúil agus ceannaireachta a fhorbairt agus a neartú trí dheiseanna a sholáthar d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus d'fhoghlaim ghairmiúil leanúnach

### Acmhainní atá ann cheana a ghiaráil agus acmhainní breise a fháil chun freagairt ar éilimh seirbhíse

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Na hacmhainní dlí, corparáideacha agus digiteacha, na scileanna agus an saineolas is gá a fháil chun freastal ar éilimh seirbhíse
- Prionsabail agus cleachtais phleanála fórsa saothair straitéisigh a leabú, agus pleanáil ionduchtúcháin agus comharbais a neartú
- Tacú le speisialtóireacht agus le foirne trasfheidhmiúla chun riachtanais seirbhíse dlí, beartais agus corparáideacha a chomhlíonadh
- Próisis rannpháirtíochta foirne a leabú chun ionchuir, smaointe agus rannpháirtíocht foirne a spreagadh ag gach leibhéal ar fud na hOifige

### A bheith ag tacú le hionad oibre dearfach agus inbhuanaithe do chách

**Na gníomhartha a dhéanfaimid:**

- Beartais agus treoir shoiléir a fhorbairt ar phatrúin oibre sa todhchaí ar fud na hOifige ar aon dul le Creat Oibre Cumaisc na Státseirbhíse
- Cuirfimid clár oibre an chomhionannais agus na héagsúlachta chun cinn trí fhórsa saothair éagsúil agus cuimsitheach a fhostú agus a fhorbairt
- Folláine foirne a chur chun cinn, lena n- áirítear Creat Sláinte agus Folláine na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm
- A bheith ag tacú le cultúr san ionad oibre a spreagann ionracas, neamhspleáchas, sármhaitheas, meas agus coláisteacht
- Pleananna agus straitéisí cóiríochta freagrúla don ionad oibre a fhorbairt agus a sheachadadh chun freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha
- Plean inbhuanaitheachta agus glas ár nOifige a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

# 5 Ár nDualgas Earnála Poiblí

Le hAlt 42 den Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, bunaítear dualgas ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá ann deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a soláthraítear seirbhísí dóibh a chosaint.

Leanfaidh Oifig an DPP ag cur béime ar chomhionannas agus ar chearta an duine agus á gcur chun cinn trínár gcuid oibre ó lá go lá, ag seachadadh na seirbhíse ionchúisimh ar bhealach éifeachtach agus cothrom, le hionracas agus le meas ar dhínit an duine. Cinnteoimid freisin go gcuirfear béim ar na dualgais seo dár bhfoireann.

Leagtar amach sna Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí agus sa Chód Eitice na caighdeáin um chearta an duine agus um chomhionannas a bhfuil an Stiúrthóir ag súil go gcomhlíonfaidh gach ionchúisitheoir iad agus a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu i ndáil le híospartaigh agus i ndáil leo siúd a bhfuil amhras fúthu nó a bhfuil cionta coiriúla curtha ina leith.

Tugann ár mbeartais Acmhainní Daonna éifeacht do na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann le baill foirne san Oifig. Coinnímid na beartais seo faoi athbhreithniú lena chinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin chearta daonna agus comhionannais is cuí.


Déanfaimid athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le dul i ngleic le saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine, agus cuirfimid forbairtí agus éachtaí ina leith sin in iúl inár dtuarascálacha bliantúla.

# 6 Forfheidhmiú agus Athbhreithniú


Leagtar amach i Ráiteas Straitéise Oifig an DPP 2022 -2024 na spriocanna uileghabhálacha atá le baint amach sna trí bliana amach romhainn. Laistigh den chreat ama seo, beidh cláir oibre a thacaíonn le ODPP réadúil agus beidh sé dírithe ar a chinntiú go ndéanfar an creat straitéiseach seo a sheachadadh laistigh dá shaolré.

Agus an Ráiteas Straitéise seo á fhorbairt, d'aithin Oifig an DPP an gá le bheith lúfar agus le seachadadh a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach i gcomhthéacs forbairtí seachtracha agus acmhainní atá ar fáil. Seachadfar ár gcuspóirí straitéiseacha trínár bpróiseas pleanála gnó bliantúil, ina n-aithníonn gach rannóg den Oifig príomhghníomhartha agus príomhtháscairí feidhmíochta lena gcuirtear ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Cuireann an próiseas seo ar ár gcumas athbhreithniú a dhéanamh ar thábhacht ár spriocanna ardleibhéil agus oiriúnú do chúinsí atá ag athrú, agus leas a bhaint as deiseanna nua ar an mbealach. Déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm ag cruinnithe míosúla.

Cinnteoidh Oifig DPP freisin go mbeidh dul chun cinn maidir lenár spriocanna a bhaint amach sna trí bliana amach romhainn ag teacht le straitéisí níos leithne na hearnála poiblí, lena n-áirítear an Straitéis Earnála um Cheartas Coiriúil 2022 -2024 agus Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030.



# AGUISÍN 1: Ár Struchtúr Eagraíochta (Meitheamh 2022)



# AGUISÍN 2: Próiseas Ionchúisimh Choiriúla in Éirinn

**An Garda Síochána**

Fiosrúcháin choiriúil a reáchtáil | Formhór na n-ionchúisimh achomair sa Chúirt Dúiche a dhéanamh (mion-choireanna) | Comhaid a ullmhú d'Oifig an SIP (coireanna níos tromchúisí)

## CÁSANNA I mBAILE ÁTHA CLIATH

**Rannán Stiúrtha, Oifig an DPP**

### CÚRSAÍ ACHOMAIR

Déanann foireann Rannóg na Cúirte Dúiche roinnt ionchúisimh achomair sna Cúirteanna Dúiche agus achomhairc ag an gCúirt Chuarda

**An Garda Síochána**

Cuirtear formhór cúrsaí na Cúirte Dúiche i mBaile Átha Cliath i láthair le Láithreoir Cúirte Gardaí nó an Gharda ag déanamh an fhiosrúchán

### CÚRSAÍ AR FÉIDIR CIONTÚ A DHÉANAMH

Comhaid Fiosrúcháin a chuir ag an Rannóg Stiúrtha do threoracha | Cásanna a ullmhú don chúirt

## CÁSANNA LASMUIGH DE BHAILE ÁTHA CLIATH

**Aturnaetha Stáit Áitiúla**

### CÚRSAÍ ACHOMAIR

Déanann Aturnaetha Stáit Áitiúla roinnt ionchúisimh achomair sna Cúirteanna Dúiche agus achomhairc ag an gCúirt Chuarda

**An Garda Síochána**

Cuireann Láithreoir Cúirte Garda formhór na cásanna maidir le na Cúirteanna Dúiche lasmuigh de Bhaile Átha Cliath nó a ionchúisítear ag an gCeannfort/gCigir

### CÚRSAÍ AR FÉIDIR CIONTÚ A DHÉANAMH

Comhaid Fiosrúcháin a chuir ag an Rannóg Stiúrtha den Oifig an DPP do threoracha | Cásanna a ullmhú don chúirt

**Rannán Stiúrtha, Oifig an DPP**

Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannóg na n-Aturnaetha agus aturnaetha áitiúla stáit | Tugann treoir an cóir tosú le nó leanúint le ionchúiseamh | Cuireann oiliúint agus comhairle dhlíthe leanúnach ar fáil do Rannán na n-Aturnaetha agus aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an chás | Tugann Comhairle don Gharda Síochána agus údaráis speisialaithe fiosrúcháin agus tugann treoir ar dhéanamh cúiseamh

## CINNEADH MAIDIR LE IONCHÚISEAMH

### CÁSANNA I mBAILE ÁTHA CLIATH

**Rannán Stiúrtha, Oifig an DPP**

### CÁSANNA LASMUIGH DE BHAILE ÁTHA CLIATH

**Aturnaetha Stáit Áitiúla**

Déan ionchúiseamh de réir na treoracha a fhaightear | Bheith i láthair agus ionchúiseamh a dhéanamh ar éisteachtaí sa Chúirt Dúiche | Leabhair fianaise a ullmhú i gcásanna ciontaithe | Treoir agus cúnamh a thabhairt don abhcóide a ainmnítear i gcúirteanna trialacha | Freastal ar thriail agus an toradh a thuarascáil don Rannán Stiúrtha | Dul i dteagmháil le údaráis agus páirtithe atá bainteach sa phróiseas choiriúil | cásanna Athbhreithniú Breithiúnach a stiúradh agus a reáchtáil | Achomhairc a ionchúisimh sna Cúirteanna Cuarda agus an Chúirt Achomhairc (Choiriúil)

**Abhcóide**

Bheith i láthair sa Chúirt agus ionchúisimh a reáchtáil ar chiontú thar ceann agus de réir treoracha an DPP

## CINNEADH MAIDIR LE GAN IONCHÚISEAMH A DHÉANAMH

**Aonad Teagmháil Íospartaigh Oifig an DPP**

Déileálann an Aonad Teagmháil Íospartaigh le gach iarratas ar chúiseanna agus athbhreithnithe a dhéanann an Rannán Stiúrtha gan ionchúiseamh a dhéanamh

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2022

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8

☎ +353 1 858 8500
+353 1 642 7406
www.dppireland.ie

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions